2026/1137

29.5.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1137 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2026

maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) le haghaidh na bliana airgeadais 2025

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 3359)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1), an chéad fhomhír, agus Airteagal 104(1) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 51 de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 104(1), an dara fomhír, pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2116, leanann Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagal 5, Airteagal 7(3), Airteagail 9, 17, 21 agus 34, Airteagal 35(4), Airteagail 36, 37, 38, 40 go 43, 51, 52, 54, 56, 59, 63, 64, 67, 68, 70 go 75, 77, 91 go 97, 99, 100, Airteagal 102(2) agus Airteagail 110 agus 111 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), i ndáil le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh le haghaidh na bliana airgeadais 2025.

(2) De bhun Airteagal 64, an dara mír, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([3]), leanann Airteagal 2, Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, Airteagal 3(2), Airteagal 4(1), pointe (b), Airteagail 5, 6, 7, 21 go 25, 27, 28, 29, Airteagal 30(1), pointí (a), (b) agus (c), Airteagal 30(2), (3) agus (4), agus Airteagail 31 go 40 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún ([4]) d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le CERT, i ndáil le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh le haghaidh na bliana airgeadais 2025.

(3) De bhun Airteagal 64, an dara mír, pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128, leanann Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 d'fheidhm a bheith acu chun críocha Airteagal 32, pointí (f) agus (g), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 le haghaidh na bliana airgeadais 2025.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/128/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, rialacha maidir le seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 255, 28.8.2014, lch. 59, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/908/oj).

(4) De bhun Airteagal 40, an dara mír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([5]), leanann Airteagal 5, Airteagal 5a, Airteagal 7(3) agus (4), Airteagal 10, Airteagal 11(1), an dara fomhír, Airteagal 11(2), Airteagail 12 agus 13 agus Airteagal 41(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún ([6]) d'fheidhm a bheith acu, a mhéid a bhaineann le CERT, i ndáil le caiteachas arna thabhú agus íocaíochtaí arna ndéanamh le haghaidh na bliana airgeadais 2025.

(5) De bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2116, ar bhonn na gcuntas bliantúil arna gcur isteach ag na Ballstáit, agus an fhaisnéis is gá chun na cuntais a imréiteach ag gabháil leo chomh maith le tuairim iniúchóireachta maidir le sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas agus na dtuarascálacha arna mbunú ag na comhlachtaí deimhniúcháin, tá an Coimisiún le cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2021/2116 sin a imréiteach roimh an 31 Bealtaine an bhliain tar éis na bliana airgeadais i gceist.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/2116, cuirtear tús leis an mbliain airgeadais talmhaíochta an 16 Deireadh Fómhair de bhliain n-1 agus tagann deireadh léi an 15 Deireadh Fómhair i mbliain N. Agus cuntais á n-imréiteach le haghaidh na bliana airgeadais 2025, ba cheart caiteachas a thabhaigh na Ballstáit idir an 16 Deireadh Fómhair 2024 agus an 15 Deireadh Fómhair 2025 a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128.

(7) Le hAirteagal 33(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 agus le hAirteagal 35(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128, foráiltear go bhfuil na méideanna is in-aisghabhála ó na Ballstáit uile nó is iníoctha leo, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le himréiteach cuntas dá dtagraítear in Airteagal 33(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 agus in Airteagal 35(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128, go bhfuil siad le leagan síos trí na híocaíochtaí míosúla le haghaidh na bliana airgeadais lena mbaineann a asbhaint ón gcaiteachas a aithnítear le haghaidh na bliana sin i gcomhréir le hAirteagal 33(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 agus le hAirteagal 35(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128. Tá an Coimisiún leis an méid sin a asbhaint ón íocaíocht mhíosúil a bhaineann leis an gcaiteachas a dhéantar sa dara mí tar éis an chinnidh maidir le himréiteach cuntas nó tá an Coimisiún leis an méid sin a chur leis an íocaíocht sin.

(8) Sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis a chuir na Ballstáit faoina bhráid agus chuir sé torthaí na seiceálacha in iúl do na Ballstáit, mar aon leis na leasuithe atá molta aige.

(9) I gcás na ngníomhaireachtaí íocaíochta uile, cuireann na cuntais bhliantúla agus na doiciméid tionlacain ar a chumas don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas bliantúil a chuirtear faoina bhráid.

(10) De bhun Airteagal 41(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 39(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/2116, tá an Coimisiún le fíorú go gcomhlíonann na Ballstáit na tréimhsí íocaíochta agus na huasteorainneacha airgeadais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir le cabhair a íoc le tairbhithe agus tá sé le cinneadh a dhéanamh maidir le laghduithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar íocaíochtaí míosúla leis na Ballstáit.

(11) De bhun Airteagal 40, an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2021/2116 i gcomhar le hAirteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 agus Airteagal 5(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, faoi seach, i gcás ina ndearnadh íocaíochtaí tar éis an dáta íocaíochta is déanaí is féidir, tá an Coimisiún le méid na n-íocaíochtaí míosúla a dheonaítear do na Ballstáit a laghdú agus tionchar

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 255, 28.8.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/907/oj).

airgeadais an laghdaithe a choigeartú i gcomhréir leis an moill ar íocaíocht trí na rátaí éagsúla dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 agus Airteagal 5(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le hAirteagal 5(5), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 agus le hAirteagal 5(5), an dara fomhír, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127, cuirfear aon sárú ar sprioc-amanna íocaíochta san áireamh, ar a dhéanaí, sa chinneadh maidir le himréiteach cuntas. Rinneadh cuid den chaiteachas a dhearbhaigh Ballstáit áirithe le linn na bliana airgeadais 2025 tar éis na sprioc-amanna is infheidhme. Dá bhrí sin, leis an gCinneadh seo ba cheart na laghduithe ábhartha a leagan síos.

(12) De bhun Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2021/2116, tá roinnt íocaíochtaí míosúla le haghaidh na bliana airgeadais 2025 laghdaithe ag an gCoimisiún cheana mar gheall ar chaiteachas nach ndearnadh i gcomhréir le rialacha an Aontais. Leis an gCinneadh seo, ba cheart don Choimisiún na méideanna sin a laghdaíodh a chur san áireamh chun aon íocaíocht nó aisíocaíocht mhíchuí nó mhíthráthúil a sheachaint, ar íocaíochtaí nó aisíocaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ceartú airgeadais níos déanaí. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar na méideanna atá i gceist, i gcás inarb iomchuí, faoi imeachtaí imréitigh comhréireachta de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/2116.

(13) Tá na híocaíochtaí míosúla ábhartha laghdaithe cheana ag an gCoimisiún le haghaidh na bliana airgeadais 2025 i gcás na méideanna atá dlite do CERT mar thoradh ar chinntí maidir le himréiteach comhréireachta agus airgeadais, de bhun Airteagail 51 agus 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagail 53 agus 55 de Rialachán (AE) 2021/2116, agus ar chinntí maidir le himréiteach feidhmíochta de bhun Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116, a raibh feidhm aige go dtí 2025 sular tháinig Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) i bhfeidhm, arna bhforghníomhú ag an gCoimisiún sa bhliain airgeadais 2025. Cuirtear aon mhéid den sórt sin san áireamh sa Chinneadh seo.

(14) De bhun Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, i leith fiacha a eascraíonn ó neamhrialtachtaí a bhaineann le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 104(1) de Rialachán (AE) 2021/2116, tá 50 % de na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn ón neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí le híoc ag an mBallstát lena mbaineann, mura ndéantar an aisghabháil laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta. Le hAirteagal 54(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, ceanglaítear ar na Ballstáit tábla a chur i gceangal leis na cuntais bhliantúla nach mór dóibh a chur faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagal 29 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, ar tábla deimhnithe é lena léirítear na méideanna atá le híoc acu faoi Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013. Rialacha maidir le cur i bhfeidhm oibleagáid na mBallstát chun na méideanna atá le haisghabháil a thuairisciú, leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014 iad. Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 908/2014, leagtar amach an tsamhail den tábla atá na Ballstáit le húsáid chun faisnéis a sholáthar faoi na méideanna atá le haisghabháil. Ar bhonn na dtáblaí a líonann na Ballstáit isteach, ba cheart don Choimisiún na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn ón neamh-aisghabháil neamhrialtachtaí atá níos sine ná 4 nó 8 mbliana faoi seach a chinneadh.

(15) De bhun Airteagal 54(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, i leith fiacha a eascraíonn ó neamhrialtachtaí a bhaineann le caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 104(1) de Rialachán (AE) 2021/2116, ar chúiseanna cuí-réasúnaithe, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan aisghabháil a lorg. Ní féidir cinneadh den sórt sin a dhéanamh ach amháin más mó na costais a tabhaíodh cheana in éineacht leis na costais is dócha a thabhófar, ná an méid atá le haisghabháil, nó má tá an aisghabháil dodhéanta mar gheall ar dhócmhainneacht an fhéichiúnaí nó na ndaoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as an neamhrialtacht, ar dócmhainneacht í a cláraíodh agus a aithníodh faoin dlí náisiúnta. Má dhéantar an cinneadh laistigh de 4 bliana ó dháta na hiarrata ar aisghabháil, nó laistigh de 8 mbliana i gcás ina dtugtar an aisghabháil os comhair na gcúirteanna náisiúnta, ba cheart 100 % de na hiarmhairtí airgeadais a eascraíonn ón neamh-aisghabháil a íoc as buiséad an Aontais. Na méideanna ar chinn Ballstát ar leith gan aisghabháil a lorg lena n-aghaidh agus an foras lena chinneadh, cuimseofar iad sna cuntais bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 54(4) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, níor cheart na méideanna sin a ghearradh ar na Ballstáit lena mbaineann agus mar gheall air sin, tá siad le híoc as buiséad an Aontais.

([7]) Rialachán (AE) 2025/2649 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le híocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis (IO L, 2025/2649, 31.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2649/oj).

(16) I gcomhréir le hAirteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2116, ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do na cinntí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh seo chun caiteachas a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagail 54 agus 55 de Rialachán (AE) 2021/2116,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Imréitítear leis seo cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a mhéid a bhaineann le caiteachas arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) i leith na bliana airgeadais 2025.

Leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna is in-aisghabhála ó gach Ballstát, nó is iníoctha le gach Ballstát, lena n-áirítear na méideanna a eascraíonn ó chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, de bhun an Chinnidh seo.

Airteagal 2

Tá an Cinneadh seo gan dochar do chinntí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo maidir le himréiteach comhréireachta, ar cinntí iad a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh de bhun Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/2116 chun caiteachas nach ndéantar i gcomhréir le dlí an Aontais a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas, agus tá sé gan dochar freisin d'aon bheart is gá chun cinntí maidir le himréiteach feidhmíochta bliantúil a chur chun feidhme, ar cinntí iad a dhéanfaidh an Coimisiún de bhun Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116 chun caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige mar a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

Imréiteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain airgeadais 2025

An méid atá le haisghabháil ón mBallstát nó atá le híoc leis

(In Euro)

Ballstát		2025 – Caiteachas / Ioncam Sannta le haghaidh na nGníomhaireachtaí Íocaíochta a bhfuil na cuntais ina leith		Iomlán a + b	Laghduithe agus fionraíochtaí le haghaidh na bliana airgeadais ina hiomláine [1]	An méid atá le gearradh i gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013	Iomlán lena n-áirítear laghduithe agus fionraíochtaí	Íocaíochtaí a dhéantar leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais	An méid atá le haisghabháil ón mBallstát (-) nó atá le híoc leis (+) [2]
		imréitithe	scartha						
		= caiteachas/ioncam sannta a dearbhaíodh sa dearbhú bliantúil	= iomlán an chaiteachais/an ioncaim shannta sna dearbhuithe míosúla						
		a	b	c=a+b	d	e	f=c+d+e	g	h=f-g
AT	EUR	705 303 609,43	0,00	705 303 609,43	- 1 249,82	- 10 566,26	705 291 793,35	705 215 860,58	75 932,77
BE	EUR	552 674 038,83	0,00	552 674 038,83	- 1 813 013,45	- 180,16	550 860 845,22	551 143 888,97	- 283 043,75
BG	BGN	0,00	0,00	0,00	0,00	- 269,76	- 269,76	0,00	- 269,76
BG	EUR	850 250 703,41	0,00	850 250 703,41	- 12 013 301,93	0,00	838 237 401,48	836 734 071,66	1 503 329,82
CY	EUR	54 707 041,72	0,00	54 707 041,72	- 4 596,92	0,00	54 702 444,80	54 714 901,94	- 12 457,14
CZ	CZK	0,00	0,00	0,00	0,00	- 187 118,56	- 187 118,56	0,00	- 187 118,56
CZ	EUR	856 724 675,41	0,00	856 724 675,41	- 2 161 618,48	0,00	854 563 056,93	854 735 355,58	- 172 298,65
DE	EUR	4 488 921 027,48	0,00	4 488 921 027,48	- 2 515 056,79	- 225 835,06	4 486 180 135,63	4 487 055 574,18	- 875 438,55
DK	DKK	0,00	0,00	0,00	0,00	- 11 440,99	- 11 440,99	0,00	- 11 440,99
DK	EUR	826 880 517,78	0,00	826 880 517,78	- 7 881 336,86	0,00	818 999 180,92	818 995 914,58	3 266,34
EE	EUR	201 853 033,89	0,00	201 853 033,89	22 010,04	0,00	201 875 043,93	201 878 838,92	- 3 794,99
ES	EUR	5 707 157 495,17	0,00	5 707 157 495,17	- 10 300 430,52	- 237 377,91	5 696 619 686,74	5 698 834 318,61	- 2 214 631,87

(In Euro)

Ballstát		2025 – Caiteachas / Ioncam Sannta le haghaidh na nGníomhaireachtaí Íocaíochta a bhfuil na cuntais ina leith		Iomlán a + b	Laghduithe agus fionraíochtaí le haghaidh na bliana airgeadais ina hiomláine ([1])	An méid atá le gearradh i gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013	Iomlán lena n-áirítear laghduithe agus fionraíochtaí	Íocaíochtaí a dhéantar leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais	An méid atá le haisghabháil ón mBallstát (-) nó atá le híoc leis (+) ([2])
		imréitithe	scartha						
		= caiteachas/ioncam sannta a dearbhaíodh sa dearbhú bliantúil	= iomlán an chaiteachais/an ioncaim shannta sna dearbhuithe míosúla						
		a	b	c=a+b	d	e	f=c+d+e	g	h=f-g
FI	EUR	527 888 566,90	0,00	527 888 566,90	- 535 491,70	- 8 214,39	527 344 860,81	527 341 599,29	3 261,52
FR	EUR	7 381 245 788,01	0,00	7 381 245 788,01	- 18 691 598,32	- 184 304,65	7 362 369 885,04	7 366 225 046,45	- 3 855 161,41
EL	EUR	1 776 683 240,35	0,00	1 776 683 240,35	- 167 227 652,11	- 528 369,98	1 608 927 218,26	1 610 086 516,71	- 1 159 298,45
HR	EUR	389 342 232,84	0,00	389 342 232,84	- 8 038 025,73	- 237 571,18	381 066 635,93	381 219 994,09	- 153 358,16
HU	EUR	1 399 175 342,28	0,00	1 399 175 342,28	- 11 158 797,85	0,00	1 388 016 544,43	1 388 016 544,43	0,00
HU	HUF	0,00	0,00	0,00	0,00	- 240 529 466,00	- 240 529 466,00	0,00	- 240 529 466,00
IE	EUR	1 177 728 349,18	0,00	1 177 728 349,18	1 129 816,48	- 6 526,78	1 178 851 638,88	1 177 726 221,31	1 125 417,57
IT	EUR	4 217 246 453,70	0,00	4 217 246 453,70	- 14 910 412,84	- 27 879 632,34	4 174 456 408,52	4 204 278 186,53	- 29 821 778,01
LT	EUR	597 630 028,39	0,00	597 630 028,39	- 7 857 067,10	- 7 458,25	589 765 503,04	589 772 961,29	- 7 458,25
LU	EUR	33 254 107,96	0,00	33 254 107,96	- 435 310,60	0,00	32 818 797,36	32 731 479,54	87 317,82
LV	EUR	338 563 823,95	0,00	338 563 823,95	- 1 588,29	- 366,14	338 561 869,52	338 557 520,08	4 349,44
MT	EUR	9 816 998,31	0,00	9 816 998,31	3,05	0,00	9 817 001,36	9 814 519,23	2 482,13
NL	EUR	731 017 423,04	0,00	731 017 423,04	- 22 814 771,89	0,00	708 202 651,15	708 176 189,75	26 461,40
PL	EUR	3 574 240 998,87	0,00	3 574 240 998,87	- 1 135 446,08	0,00	3 573 105 552,79	3 573 107 188,77	- 1 635,98
PL	PLN	0,00	0,00	0,00	0,00	- 15 495 071,55	- 15 495 071,55	0,00	- 15 495 071,55

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1137/oj

(In Euro)

Ballstát		2025 – Caiteachas / Ioncam Sannta le haghaidh na nGníomhaireachtaí Íocaíochta a bhfuil na cuntais ina leith		Iomlán a + b	Laghduithe agus fionraíochtaí le haghaidh na bliana airgeadais ina hiomláine (1)	An méid atá le gearradh i gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013	Iomlán lena n-áirítear laghduithe agus fionraíochtaí	Íocaíochtaí a dhéantar leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais	An méid atá le haisghabháil ón mBallstát (-) nó atá le híoc leis (+) (2)
		imréitithe	scartha						
		= caiteachas/ioncam sannta a dearbhaíodh sa dearbhú bliantúil	= iomlán an chaiteachais/an ioncaim shannta sna dearbhuithe míosúla						
		a	b	c=a+b	d	e	f=c+d+e	g	h=f-g
PT	EUR	904 546 850,88	0,00	904 546 850,88	- 25 823 328,59	- 12 931,63	878 710 590,66	876 805 879,34	1 904 711,32
RO	EUR	1 968 028 614,52	0,00	1 968 028 614,52	- 41 096 754,88	0,00	1 926 931 859,64	1 927 025 905,36	- 94 045,72
RO	RON	0,00	0,00	0,00	0,00	- 69 413 305,78	- 69 413 305,78	0,00	- 69 413 305,78
SE	EUR	699 103 000,78	0,00	699 103 000,78	- 5 142 179,94	0,00	693 960 820,84	694 001 502,17	- 40 681,33
SE	SEK	0,00	0,00	0,00	0,00	- 148 060,50	- 148 060,50	0,00	- 148 060,50
SI	EUR	136 670 994,34	0,00	136 670 994,34	0,00	0,00	136 670 994,34	136 781 882,34	- 110 888,00
SK	EUR	406 240 285,08	0,00	406 240 285,08	- 690 789,18	- 198,63	405 549 297,27	405 702 763,08	- 153 465,81

(1) Is éard atá sna laghduithe agus sna fionraíochtaí na laghduithe agus na fionraíochtaí sin a chuirtear san áireamh sa chóras íocaíochta, lena gcuirtear na ceartúcháin go háirithe i dtaobh sprioc-amanna íocaíochta nach n-urramaítear agus laghduithe eile dá dtagraítear in Airteagal 41 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagail 39-42 de Rialachán (AE) 2021/2116.

(2) Maidir leis an méid atá le haisghabháil ón mBallstát nó atá le híoc leis a ríomh, is éard atá sa mhéid a chuirtear san áireamh iomlán an dearbhaithe bhliantúil le haghaidh an chaiteachais imréitithe agus iomlán na n-íocaíochtaí míosúla a dhéantar le haghaidh an chaiteachais imréitithe. Ráta malairte is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2022/127.

Ballstát		Caiteachas (1)	Ioncam sannta (1)	Airteagal 54(2) (=e)	Iomlán (=h)
		08 02 06 01	6200	6200	
		i	j	k	l = i+j+k
AT	EUR	86 499,03	0,00	- 10 566,26	75 932,77
BE	EUR	0,00	- 282 863,59	- 180,16	- 283 043,75
BG	BGN	0,00	0,00	- 269,76	- 269,76
BG	EUR	1 503 329,82	0,00	0,00	1 503 329,82

Ballstát		Caiteachas ([1])	Ioncam sannta ([1])	Airteagal 54(2) (=e)	Iomlán (=h)
		08 02 06 01	6200	6200	
		i	j	k	l = i+j+k
CY	EUR	0,00	- 12 457,14	0,00	- 12 457,14
CZ	CZK	0,00	0,00	- 187 118,56	- 187 118,56
CZ	EUR	0,00	- 172 298,65	0,00	- 172 298,65
DE	EUR	0,00	- 649 603,49	- 225 835,06	- 875 438,55
DK	DKK	0,00	0,00	- 11 440,99	- 11 440,99
DK	EUR	3 266,34	0,00	0,00	3 266,34
EE	EUR	0,00	- 3 794,99	0,00	- 3 794,99
ES	EUR	0,00	- 1 977 253,96	- 237 377,91	- 2 214 631,87
FI	EUR	100 829,79	- 89 353,88	- 8 214,39	3 261,52
FR	EUR	0,00	- 3 670 856,76	- 184 304,65	- 3 855 161,41
EL	EUR	0,00	- 630 928,47	- 528 369,98	- 1 159 298,45
HR	EUR	84 213,02	0,00	- 237 571,18	- 153 358,16
HU	EUR	0,00	0,00	0,00	0,00
HU	HUF	0,00	0,00	- 240 529 466,00	- 240 529 466,00
IE	EUR	1 131 944,35	0,00	- 6 526,78	1 125 417,57
IT	EUR	0,00	- 1 942 145,67	- 27 879 632,34	- 29 821 778,01
LT	EUR	0,00	0,00	- 7 458,25	- 7 458,25
LU	EUR	87 317,82	0,00	0,00	87 317,82
LV	EUR	23 577,90	- 18 862,32	- 366,14	4 349,44
MT	EUR	10 536,99	- 8 054,86	0,00	2 482,13
NL	EUR	26 461,40	0,00	0,00	26 461,40
PL	EUR	0,00	- 1 635,98	0,00	- 1 635,98

Ballstát		Caiteachas ([1])	Ioncam sannta ([1])	Airteagal 54(2) (=e)	Iomlán (=h)
		08 02 06 01	6200	6200	
		i	j	k	l = i+j+k
PL	PLN	0,00	0,00	- 15 495 071,55	- 15 495 071,55
PT	EUR	1 917 642,95	0,00	- 12 931,63	1 904 711,32
RO	EUR	0,00	- 94 045,72	0,00	- 94 045,72
RO	RON	0,00	0,00	- 69 413 305,78	- 69 413 305,78
SE	EUR	0,00	- 40 681,33	0,00	- 40 681,33
SE	SEK	0,00	0,00	- 148 060,50	- 148 060,50
SI	EUR	0,00	- 110 888,00	0,00	- 110 888,00
SK	EUR	0,00	- 153 267,18	- 198,63	- 153 465,81

([1]) ([3]) Roinnfear BL 08 02 06 01 idir na ceartúcháin dhiúltacha a bheidh ina n-ioncam sannta in BL 62 00 agus na ceartúcháin dhearfacha i bhfabhar BS a áireofar anois ar thaobh an chaiteachais 08 02 06 01 dá dtagraítear in Airteagal 43 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 agus Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2021/2116.

NB: Ainmníocht 2025 : 08 02 06 01 , 6200

IARSCRÍBHINN II

Imréiteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain airgeadais 2025 – CERT

Ceartúcháin i gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 *

Ballstát	Airgeadra	San Airgeadra náisiúnta	In Euro
CY	EUR	0,00	0,00
CZ	CZK	0,00	0,00
HU	HUF	0,00	0,00
LV	EUR	0,00	0,00
MT	EUR	0,00	0,00
PL	PLN	13 456,46	0,00
SI	EUR	0,00	0,00
SK	EUR	0,00	0,00

(*) Méideanna atá le gearradh ar na Ballstáit mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an Ionstraim Shealadach le haghaidh Forbairt Tuaithe (ISFT) arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) (Rialachán (CE) Uimh. 27/2004 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2004 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe idirthréimhseacha le haghaidh chur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1257/1999 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an maoiniú arna dhéanamh ag an Rannóg Ráthaíochta CETRT ar bhearta forbartha tuaithe i bPoblacht na Seice, an Eastóin, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Pholainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic (IO L 5, 9.1.2004, lch. 36))